


Focal faire: Tá teoiric ag John Allen go raibh muintir na hAfraice abhus 50,000 bliain ó shin



TEANGA

Fear a d'aimsigh naisc ársa idir an Ghaeilge agus teanga san Afraic

Maitear gur in iarthar na hAfraice atá stair rúnda na Nua-Ghaeilge.

Cuntasóir leathscortha é John Allen, agus tá neart taithí aige ar uimhreacha.

Ach ina am féin, chaith an fear as Luimneach blianta fada le teanga de chuid na Seineagáile, agus áitíonn sé go léiríonn focail áirithe anseo is ansiúd go bhfuil nasc stáiriúil idir Éire agus mór-roinn na hAfraice.

Go deimhin, creideann John, atá trí scór bliain d'aois, gur thóg bádóirí ón tSeineagáil Dún Aonghasa cáiliúil ar Inis Mór nuair a tháinig siad go hÉirinn na mílte bliain roimh aimsir Chríost.

Deir sé freisin gur de shliocht na mbádóirí seo iad go leor de mhuintir iarthar na hÉireann – muintir Luimnígh ina measc.

"Tá cuairt tugtha agam ar an tSeineagáil agus ar an nGaimbia, ina labhraítear Volaifis," a dúirt John le Seachtain.

"Tháinig mé ar theangacha a raibh cosúlachtaí acu leis an tSean-Ghaeilge agus tá roinnt de na focail fós in úsáid sa lá atá inniu ann.

"Téann na focail seo siar roimh theacht na gCeilteach go hÉireann agus go dtí an Bhreatain Mhór, agus tháinig siad direach ón Afraic mar sin gan truailliú ná teimheal agus gan dioscúrsa le cultúir eile.

"Tá siad seo i measc na 'mbunrudai' i meon an fhír ársa agus níl siad in aon mhórtheanga Eorpach eile sa bhealach céanna.



Tháinig mé
ar
theangacha
a raibh
cosúlachtaí
acu leis an
tSean-
Ghaeilge

"Mar gheall air sin is féidir bunchuspóirí an fhír ársa a aithint nuair a cumadh nó nuair a glacadh leis na focail i roinnt cásanna."

Tá súil ag John go spreagfaidh a thaighde bunaidh staidéar acadúil agus tá cúpla duine tar éis a rá go gcaithfidh siad súil ar a obair.

I measc na bhfocal a mhaíonn sé nach dtuigtear i gceart tá an focal 'sean-nós'.

"Tá an focal seo ar cheann de na focail is sine ón Afraic agus ciallaíonn sé 'ár scéal'. Mar gheall ar thaisme éigin sa stair choilíneach dheireanach, creidíonn sé go micheart gur 'seanscéal' a bhí i gceist leis."

Creideann John gur lonnaigh treibheanna ón Afraic in Éirinn den chéad uair 50,000 bliain ó shin agus go ndearnadh cúpla turas imirce eile ina dhiaidh sin.

Tá sé ag cur a smaointe i dtoll a chéile i leabhar faoi láthair, chomh maith le gluais d'fhocail atá cosúil le chéile sa nGaeilge agus sa Volaifis.

"Tá go leor ábhar machnaimh ann agus tá mé cinnte go ndiúltóidh roinnt daoine dō ach tá an fhianaise ansin inniu, i dteangacha a labhraítear in dhá thír dhifriúla, agus is fiú tuilleadh scrúdaithe a dhéanamh ar an geosúlacht idir an oiread sin focal ar chaoi ar bith," a dúirt sé.

leathscortha: semi-retired

dioscúrsa: discourse

teimheal: tarnish

Focail atá cosúil le chéile

Volaifis: Anam, Gaeilge: Anam

Volaifis: Dal (talamh),

Gaeilge: Dál Riada

Volaifis: Teer (talamh),

Gaeilge: Tir

Volaifis: Lal, Gaeilge

Leaba

Volaifis: Lok, Gaeilge

Loch

Volaifis: Potit (uisce níocháin), Gaeilge: Poitin (deoch a dhéantar as uisce níocháin)

